Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5611/26**
**ADD 2**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2026/0011 (COD)**
**2026/0012 (COD)**

**CYBER 29**
**JAI 85**
**DATAPROTECT 22**
**TELECOM 29**
**MI 58**
**IND 48**
**CADREFIN 26**
**FIN 100**
**BUDGET 3**
**CODEC 90**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Eanáir 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2026) 12 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR<br>a ghabhann leis na doiciméid<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), an creat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, agus slándáil an tslabhra soláthair TFC agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2019/881 (an Dara Gníomh um Chibearshlándáil)<br>agus<br>Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2022/2555 a mhéid a bhaineann le bearta simpliúcháin agus ailíniú leis an [Togra le haghaidh an Dara Gníomh um Chibearshlándáil] |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2026) 12 final.

Faoi iamh: SWD(2026) 12 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 20.1.2026
SWD(2026) 12 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis na doiciméid***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), an creat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála, agus slándáil an tslabhra soláthair TFC agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2019/881 (an Dara Gníomh um Chibearshlándáil)**

**agus**

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2022/2555 a mhéid a bhaineann le bearta simpliúcháin agus ailíniú leis an [Togra le haghaidh an Dara Gníomh um Chibearshlándáil]**

{COM(2026) 11 final} - {SEC(2026) 11 final} - {SWD(2026) 11 final}

# Achoimre Feidhmiúcháin ar an Measúnú Tionchair

## Cuspóir

Is é príomhchuspóir an mheasúnaithe tionchair seo meastóireacht a dhéanamh ar leordhóthanacht na rialachán atá ann faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí cibearshlándála atá ag teacht chun cinn ar fud an Aontais. Moltar leis sraith chomhtháite roghanna beartais a bhfuil sé d'aidhm acu Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) a neartú, an Creat Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála a athchóiriú agus comhlíonadh an chreata reachtaigh cibearshlándála atá ann cheana a shimpliú. Cuirtear i dtábhacht sa mheasúnú seo an tábhacht a bhaineann leis an gcibir-rialachas a mhodhnú chun é a chomhchuibhiú le dul chun cinn teicneolaíoch agus le héilimh an mhargaidh, agus iomaíochas á áirithiú agus tionchair ar an gcomhshaol á gcur san áireamh an tráth céanna.

## Ráiteas na Faidhbe

D'ainneoin na n-iarrachtaí atá á ndéanamh cheana, tá dúshláin mhóra fós roimh thírdhreach cibearshlándála an Aontais i gcomhthéacs bagairtí atá ag éirí níos casta. Cuireann comhordú neamhleor i measc na mBallstát agus gníomhaithe eile ar leibhéal an Aontais, cur chun feidhme stoptha uirlisí beartais, agus bacainní rialála agus castacht bac ar bhainistiú éifeachtúil cibearshlándála. De dheasca na saincheisteanna sin, bíonn costais mhéadaithe do ghnólachtaí agus d'údaráis phoiblí, rioscaí méadaithe maidir le cibirtheagmhais agus leibhéil neamhréireacha cosanta do shaoránaigh.

## An réasúnaíocht le Gníomhaíocht an Aontais

Sáraíonn bagairtí cibearshlándála teorainneacha náisiúnta; dá bhrí sin, tá cur chuige aontaithe ríthábhachtach chun freagairt láidir a thabhairt. Le hidirghabháil ar leibhéal an Aontais, áirithítear cosaint chomhsheasmhach, feabhsaítear an t-iomaíochas trí chothrom iomaíochta a sholáthar agus éascaítear saorghluaiseacht seirbhísí agus táirgí digiteacha laistigh den Mhargadh Aonair. Le comhchuibhiú ar leibhéal an Aontais, laghdaítear ualaí riaracháin freisin trí chomhlíonadh simplithe agus nósanna imeachta cuíchóirithe.

## Roghanna Beartais agus Rogha Thosaíochta

Déantar anailís sa tuarascáil seo ar cheithre réimse idirghabhála, gach ceann acu le tacar roghanna beartais a breithníodh i bhfianaise na gcuspóirí sonracha atá le baint amach: (1) Sainordú ENISA (cuid den Ghníomh um Chibearshlándáil atá ann faoi láthair freisin); (2) an Creat Eorpach um dheimhniú cibearshlándála (cuid den Ghníomh um Chibearshlándáil atá ann faoi láthair freisin) agus (3) leasuithe spriocdhírithe ar an Dara Treoir NIS arb é is aidhm dóibh simpliú a dhéanamh, agus iad idirnasctha freisin le sainordú ENISA agus leis an gCreat Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála. Is réimsí idirghabhála astu féin iad gach ceann de na tacair roghanna sin, agus an tráth céanna tá siad idirnasctha agus ábhartha dá chéile.

***Roghanna chun aghaidh a thabhairt ar mhí-ailíniú chreat beartais cibearshlándála an Aontais agus ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara i dtimpeallacht atá ag éirí níos naimhdí***

Rogha A.1: *Sainordú ENISA a shoiléiriú agus foráil a dhéanamh maidir le beartú tosaíochta* – D'áiritheofaí leis an rogha seo creat soiléir cobhsaí do chúraimí ENISA trí na cúraimí a leagtar amach i bpíosaí eile reachtaíochta a ionchorprú.

Rogha A.2: *Sainordú ENISA a athchóiriú* – Leis an rogha seo dhéanfaí an Gníomh um Chibearshlándáil a aisghairm agus a ionadú, rud a sholáthróidh athchóiriú ar shainordú na Gníomhaireachta.

Rogha A.3: *Sainordú ENISA a athchóiriú le fócas láidir ar thacaíocht oibríochtúil* – Chuirfeadh an rogha seo le rogha A.2. Ina theannta sin, d'fhorbródh ENISA cumais chun tacú go díreach le heintitis an Dara Treoir NIS maidir le freagairt don teagmhas cibearshlándála agus gnóthú uaidh arna iarraidh sin do na Ballstáit.

***Roghanna maidir leis an gCreat Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála***

Rogha B.1: *Raon feidhme, gnéithe agus cuspóirí an Chreata Eorpaigh um Dheimhniú Cibearshlándála a shoiléiriú agus sásra um choinneáil ar bun a thabhairt isteach* – Déanfar foráil leis an rogha seo maidir le sásra nua um choinneáil ar bun le haghaidh na scéimeanna, tar éis a nglactha, a bheidh le déanamh ag ENISA.

Rogha B.2: *An Creat Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála a athchóiriú trí athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta agus tríd an raon feidhme a leathnú chun simpliú comhlíonta rialála a éascú* – Sa rogha seo, dhéanfaí an Gníomh um Chibearshlándáil a aisghairm agus chuirfí rialachán nua ina ionad. I dteannta rogha B.1, dhéanfaí athbhreithniú ar an nós imeachta a bhaineann le scéimeanna a iarraidh, a fhorbairt agus a ghlacadh chun feabhas a chur ar chuntasacht agus ar éifeachtúlacht.

Rogha B.3: *An Creat Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála a athchóiriú mar a bheartaítear faoi rogha B.2 agus deimhniú sainordaitheach le haghaidh seasamh cibearshlándála a thabhairt isteach* – Leis an rogha seo, chuirfí le rogha B.2, ach is é is aidhm di tionchar an chreata a neartú a thuilleadh trí dheimhniú sainordaitheach a thabhairt isteach d'eintitis fhíor-riachtanacha a chumhdaítear leis an Dara Treoir NIS agus cásanna riosca sonracha á gcur san áireamh, seachas a bheith ag brath ar dheimhniú deonach eintiteas amháin.

***Roghanna maidir le Simpliú***

Rogha C.1: *Cur chuige reachtaíochta boige agus ionstraimí neamhreachtacha a ghlacadh, lena n-áirítear cumhachtuithe atá ann cheana a úsáid (gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh faoi Airteagal 21(5) agus Airteagal 23(11) den Dara Treoir NIS)* – Déantar foráil leis an rogha seo maidir le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh faoi chumhachtuithe an Dara Treoir NIS atá ann cheana chun leibhéal níos airde comhchuibhithe a áirithiú maidir leis na bearta bainistíochta riosca cibearshlándála, tairseacha tuairiscithe ar theagmhais, chomh

maith le faisnéis, formáidí agus nósanna imeachta fógraí, mar aon le tacar treoirlínte a ghlacadh chun deimhneacht dhlíthiúil agus cur chun feidhme comhchuibhithe a fheabhsú.

Rogha C.2: *Idirghabháil spriocdhírithe – comhlíonadh chreat reachtach ábhartha an Aontais maidir leis an gcibearshlándáil a shimpliú a thuilleadh* – Is éard atá i gceist leis an rogha seo idirghabháil theoranta trí athruithe ar an nGníomh um Chibearshlándáil agus ar an Dara Treoir NIS a dhéanamh, a bhfuil sé d'aidhm acu gnéithe sonracha den chreat cibearshlándála a shimpliú, lena n-áirítear oiriúnuithe ar an raon feidhme, uaschomhchuibhiú le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme, cruthúnas ar chomhlíonadh trí dheimhniú agus trí ghlacadh an tacair treoirlínte mar a fhoráiltear in C1.

Rogha C.3: *Bearta a bhaineann leis an gcibearshlándáil a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais a chomhchuibhiú* – Leis an rogha seo, chuirfí le rogha C.2 agus chuirfí deireadh le gach beart nó cumhachtú bainistíochta riosca cibearshlándála i ndáil leo siúd a áirítear sa reachtaíocht earnálach. Ina ionad sin, leasófaí éiceachóras an Dara Treoir NIS chun foráil maidir le ceanglais chuíchóirithe le haghaidh gach cineáil eintitis a dhéanamh, lena n-áiritheofaí comhchuibhiú níos airde ar an gcaoi sin.

## *Roghanna maidir le Slándáil an tSlabhra Soláthair TFC*

Rogha D.1: *Cur chuige reachtaíochta boige a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí cibearshlándála do shlabhraí soláthair TFC* – Ní dhéanfaí foráil leis an rogha seo maidir le hidirghabháil rialála ar leibhéal an Aontais. Ina ionad sin, mhéadódh an Coimisiún an líon measúnuithe riosca comhordaithe agus boscaí uirlisí deonacha.

Rogha D.2: *Idirghabháil rialála ad hoc lena gcódaítear Bosca Uirlisí 5G* – Leis an rogha seo, dhéanfaí bearta Bhosca Uirlisí 5G a chódú. Thabharfaí isteach leis oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú nach n-úsáidfear comhpháirteanna ó sholáthróirí ardriosca i bpríomhshócmhainní an líonra.

Rogha D.3: *Creat cuimsitheach cothrománach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí cibearshlándála sna slabhraí soláthair TFC* – Leis an rogha seo, bhunófaí creat rialála cothrománach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta agus na hearnála de chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí neamhtheicniúla cibearshlándála i slabhraí soláthair TFC.

***Tar éis anailísí fairsinge, áirítear an méid seo a leanas sa phacáiste beartais tosaíochta:*** Rogha A.2 - Athchóiriú ar shainordú ENISA; Rogha B.2 - An Creat Eorpach um Dheimhniú Cibearshlándála a athchóiriú trí athbhreithniú a dhéanamh ar an nós imeachta agus an raon feidhme a leathnú chun simpliú ar chomhlíonadh rialála a éascú agus Rogha C.2 - Idirghabháil spriocdhírithe – comhlíonadh chreat reachtach cibearshlándála ábhartha an Aontais a shimpliú a thuilleadh, agus Rogha D.3 - Creat cuimsitheach cothrománach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí cibearshlándála sna slabhraí soláthair TFC.

Leis an gcomhcheangal sin, tugtar freagairt chothrom ar dhúshláin bheartais shainaitheanta, rud a fheabhsaíonn éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas go mór ar fud an Aontais.

## Príomhthionchair

**Anailís ar chostais agus tairbhí:** Leis an aistriú chuig an gcreat rialála atá beartaithe, tabhófar costais do ENISA a mheastar a bheith suas le EUR 161,3 milliún thar thréimhse 5 bliana chun a chúraimí nua a chomhlíonadh agus suas le 80 milliún thar thréimhse 5 bliana d'údaráis phoiblí ar fud an Aontais chun maoirseacht a dhéanamh (agus coigilteas costais ábhartha á chur san áireamh). Maidir le gnólachtaí, le linn idirthréimhse 3 bliana, d'fhéadfadh costais bhliantúla idir EUR 3,4 billiún agus EUR 4,3 billiún d'oibreoirí líonraí móibíleacha a bheith mar thoradh ar dheireadh a chur de réir a chéile le trealamh ardriosca sonrach, agus d'fhéadfadh méadú suas le 2 bhilliún in aghaidh na bliana teacht ar infheistíochtaí i soláthróirí iontaofa an tráth céanna. Ina theannta sin, meastar go gcothóidh oibleagáidí cuíchóirithe agus laghdaithe maidir le comhlíonadh coigilteas costais suas le EUR 14,6 billiún do ghnólachtaí. Ina theannta sin, d'eascródh tairbhí móra do shaoránaigh, d'údaráis phoiblí agus do ghnólachtaí as feabhas a chur ar sheasamh cibearshlándála agus ceannasacht theicneolaíoch fhoriomlán an Aontais agus as nuálaíocht agus iomaíochas a spreagadh, a mheastar go ndéanfaidh siad caiteachais tosaigh a fhritháireamh den chuid is mó san fhadtéarma.

***Iomaíochas:*** Trí ilroinnt na margaí a laghdú agus rialacháin a chomhchuibhiú, feabhsaíonn na roghanna tosaíochta chomhionannas san iomaíocht ar fud an Aontais, rud a sholáthraíonn conairí níos soiléire do ghnólachtaí maidir le comhlíonadh agus nuálaíocht.

***Seiceáil Comhsheasmhachta Aeráide:*** Rinneadh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag gach rogha ar an gcomhshaol a mheas sa mheasúnú. Tugadh aird ar leith ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar astaíochtaí a bhaineann le taisteal agus ar chomhdhlúthú bonneagair. Tá tionchar teoranta ar an gcomhshaol ag na roghanna tosaíochta A.2, B.2 agus C.2 , agus baineann neodracht chomhshaoil le D.3, agus saolré táirgí agus idirthréimhsí le haghaidh athsholáthar príomhshócmhainní á gcur san áireamh. Tá sé sin ag teacht le tiomantas an Aontais don inbhuanaitheacht.

***Digiteach mar Réamhshocrú:*** Leis an mbéim ar phróisis dhigiteacha chuíchóirithe, léirítear tiomantas an Aontais do chur chuige 'tús áite don digitiú', lena n-áirithítear malartú sonraí agus cinnteoireacht níos tapúla agus níos iontaofa. D'fhéadfadh tionchar mór a bheith ag Rogha D.3 ar an digitiú freisin toisc go mbeadh athsholáthar comhpháirteanna i gceist léi ó eintitis a bunaíodh i dtríú tíortha a bhfuil ábhair imní maidir leis an gcibearshlándáil ag baint leo nó atá á rialú ag eintitis sna tíortha sin.

***Simpliú agus Laghdú Ualaigh:*** Leis na roghanna tosaíochta, rannchuidítear le simpliú trí shoiléirithe raon feidhme agus bearta a thabhairt isteach chun comhlíontacht agus maoirseacht a chuíchóiriú, rud a laghdaíonn ualaí riaracháin. Breithnítear an prionsabal 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach' trína áirithiú go ndéantar oibleagáidí nua a fhrithchothromú trí laghduithe in áit eile.

## Conclúid

Cuirtear straitéis chuimsitheach i láthair sa mheasúnú tionchair seo chun cibearshlándáil an Aontais a fheabhsú, chun aghaidh a thabhairt ar neamhéifeachtúlachtaí rialála agus chun an

tírdhreach digiteach a ullmhú do dhúshláin a bheidh ann amach anseo. Moltar leis cur chuige comhoibríoch comhtháite, lena mbunaítear athchóirithe beartais laistigh de na creataí atá ann cheana agus lena n-oiriúnaítear do réaltachtaí teicneolaíochta nua an tráth céanna. Trí na bearta sin, tá sé d'aidhm ag an Aontas geilleagar digiteach athléimneach, iomaíoch agus inbhuanaithe a áirithiú.